



## Clár Ábhair

<b>Réamhrá an Chathaoirligh</b>	<b>3</b>	<b>Cúrsaí Eagraíochta</b>	<b>25</b>
<b>Forbheathnú na Bliana ag an bPríomhfheidhmeannach</b>	<b>4</b>	Soláthar Foirne	25
<b>Ráiteas Leasa Phoiblí</b>	<b>7</b>	An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe	25
Intreoir	7	Cóiríocht	25
Rialachas & Riarachán	7	Ráiteas Straitéise	25
Comhlachtaí Comhairleacha	8	<b>Rialachas Corparáideach agus Freagracht</b>	<b>27</b>
Leas Poiblí	8	Rialachas Corparáideach agus Rialú	27
Ordacháin agus Treoirlínte Aireachta	8	Córas Rialú Inmheánach Airgeadais	27
Fóram Rialála Bliantúil	8	Coiste Iniúcháireachta	27
<b>Gníomhaíochtaí ar bhonn Náisiúnta</b>	<b>11</b>	Monatóireacht ar an gCóras Rialú Inmheánach Airgeadais	27
Intreoir	11	Bainistiú Riosca	27
Conarthaí Seirbhíse Iompair Phoiblí	11	Iniúcháirí	28
Conradh Oibríochtaí Iarnróid Eadroma	12	Comhlíontacht Dlí agus Rialála	28
Ceadúnú Bus	12	Cruinnithe Boird	28
Ceartha Paisinéirí Iarnróid	13	Táillí agus Costais Chomhalta Boird	28
Méadú Sainchúraim	13	Idirghníomhaíocht le Coistí an Oireachtais	28
Pleanáil Reigiúnach	13	<b>AGUISÍN 1</b>	<b>31</b>
<b>Gníomhaíochtaí Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath</b>	<b>15</b>	Príomhaighneachtaí Pleanála 2009/2010	31
Intreoir	15	<b>AGUISÍN 2</b>	<b>31</b>
Pleanáil Straitéiseach	15	Foilseacháin 2009/2010	31
Infheistíocht Chaipitiúil i mBonneagar Iompair Phoiblí agus i mBearta Bhainistiú Tráchta	17	<b>AGUISÍN 3</b>	<b>32</b>
Comhcheangal na Seirbhísí Iompair s	19	Tionscadail le tacaíocht ó Chlár Dheontas Bhainistiú Tráchta i 2010	32
<b>Seirbhísí a sholáthraítear thar ceann An Roinn Iompair</b>	<b>23</b>	<b>AGUISÍN 4</b>	<b>38</b>
Bainistiú Tráchta	23	Eolas Boird 2009/2010	38
Bainistiú Éileamh Iompair	23		







## Réamhrá an Chathaoirligh

Tá iompar poiblí ar thús cadhnaíochta i saol na hÉireann. Bíonn teacht ar iompar poiblí atá tarraingteach, iontaofa agus ar phraghas réasúnta, riachtanach don fhostaitheoir agus don fhostaí araon. Tá anchuid eamálacha socháí ag brath ar sheirbhísí fóna iompair phoiblí le haghaidh custaiméirí agus cuairteoirí, mar shampla, siopaí miondíola, an gnó fáilteachais, ionaid spóirt agus institiúidí cultúrtha poiblí. Tá líon suntasach saoránach ag brath go huile is go hiomlán ar iompar poiblí chun a riachtanais taistil a chomhlíonadh, lena n-áirítear na daoine is míbhuntáistiúla ar fad sa socháí. Is riachtanach agus is tábhachtach é an cion tairbhe atá á sholáthair ag iompar poiblí chun astuithe iompair a laghdú agus chun spás bóithre atá gann a úsáid go héifeachtach, go háirithe i limistéir uirbeacha. Mar chríoch, tá iompar poiblí mar bhonn agus thaca do thionscal turasoíreachta na hÉireann.

Ní bheadh an córas iompair phoiblí in ann na torthaí tábhachtacha seo don socháí agus don gheilleagar a bhaint amach mura mbeadh fóirdheontais suntasacha airgeadais de shochar ón Stáit, is é sin le rá, ón gcáiníocóir.

Is í fírinne lom an scéil í i gcúinsí eacnamaíochta na linne seo go bhfuil dian-teorainn ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Stáit. Dá bhri sin, tá baill an Údaráis thar a bheith feasach nach raibh an riachtanas go mbeadh seirbhísí iompair phoiblí éifeachtúil ó thaobh costais de níos mó ná seo riamh. Is é an dúshlán atá ós comhair An Údaráis anois ná córas iompair phoiblí d'ardchaighdeán a sholáthair d'ainneoin acmhainní airgeadais a bheith laghdaithe. Ar ndóigh, tá a leithéid de dhúshlán ós comhair go leor seirbhísí poiblí a bhfuil maoiniú ag teacht cucha as ciste an Stáit.

Ní foláir dúinn ár bpleanáil i leith úsáid talún a chur ar siúl go beacht ionas gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar mhéadú leanúnach chomatéireacht

chair. Ní foláir cinntí maidir le forbairt tithé agus oifigí a chur ar chomhréim le fáil ar sholáthair iompair phoiblí. Chun na críche sin, is gnó bunúsach é go mbeidh pleanáil réigiúnach agus áitiúil comhcheangailte agus comhlánaithe le ról an Údaráis chun pleanáil straitéiseach atá éifeachtach a sholáthair. Mar thoradh ar sin d'fhéadfaí gréasáin inbhuanaithe lonnaithe agus iompair a fhorbairt, rud a bheadh chun sochair do gheilleagar na tíre seo.

Tá mise agus comhaltaí an Bhoird daingean díonbháilte go mbeidh an tÚdarás gníomhach i dtéarmaigh geilleagraich na tíre. Rinneadh formhór comhaltaí an Bhoird a cheapadh go dtí deireadh 2014, rud a sholáthroidh leanúnachas ag an luathchéim thábhachtach seo i saol an Údaráis.

Le linn 2010 do ghlac an Bord le Ráiteas Straitéise eatarbhach a chuimsíonn 2010-2011, agus dá bharr sin tá spriocanna gearrthréimhse tosaigh againn chun treoir a thabhairt don eagraíocht.

Aithníonn an Bord nach féidir leis an Údarás bheith ag súil le, ná bheith ag éileamh, éifeachtúlachta agus barainneachta ó dhaoine eile mura léirítear go bhfuil siad féin réidh le bheith ag súil le, agus ag éileamh, na rudaí chéanna uathu féin. Uime sin, táimid tiomanta é a áirithiú go bhfuil buiséid substaintiúla an Údaráis, idir buiséad caipitil agus buiséad reatha, maraon lena chaiteachas riaracháin féin, go bhfuil siad riartha go cuí agus go stuama. Agus aird á tabhairt air sin, bunaíodh Coiste Iniúcháireachta go luath i 2010.

Mar chríoch, is mian liom mo bhuiochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird agus le foireann iomlán an Údaráis as a gcion oibre agus as a gcuid tiomantais sa bhliain atá thart.

John Fitzgerald

## Forbhreathnú na Bliana ag an bPríomhfheidhmeannach

Tugtar léargas sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar sainchúram agus ar obair an Údaráis sa chéad bhliain<sup>1</sup>.

I Nollaig 2009, agus ag céimeanna éagsúla i 2010, rinne an tAire Iompair sraith orduithe faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 agus faoin Acht um Rialúchán Iompair Phoiblí 2009 lenar aistríodh feidhmeanna agus cumhachtaí go foirmiúil go dtí an tÚdarás. De thoradh ar sin, bhí iomlán na bhfeidhmeanna agus na gcumhachtaí a fhoráiltear sna hAchtanna sin faighte cheana ag an Údarás roimh deireadh 2010<sup>2</sup>. De bhreis ar sin, bhí sainchúram an Údaráis maidir le ticéadú comhcheangailte agus le heolas faoi iompar poiblí méadaithe thar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus is ar an Údarás a chuireadh freagracht faoi fhorfheidhmiú Rialachán 1371/2007 an AE in Éirinn maidir le cearta paisinéirí iarnróid.

Agus an sainchúram á chomhlíonadh agus na feidhmeanna á fheidhmiú, tá an tÚdarás diongbháilte cur chuige atá oscailte, follasach agus ar bhonn fianaise a ghlac chuige féin le haghaidh cinnteoireachta maidir le saincheisteanna iompair poiblí. Tá anchuid ábhar ar fáil don phobal ar ár láithreán gréasáin lena n-áirítear aighneachtaí pleanála a chuireamar faoi bhráid údarás éagsúla, tuarascálacha feidhmíochta ráithiúla ó oibreoirí iompair, breathnú ar tháillí iompair poiblí, tuarascálacha teicniúla ar ár bpleanáil iompair straitéiseach agus tuarascálacha anailíseacha eile.

Gan dul as againn, bíonn tionchar ag an staid reatha geilleagrach agus airgeadais ar mhórhionscadail nua a chur i bhfeidhm maidir le bonneagar iompair poiblí sa Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ina dhiaidh sin agus uile, tharla infheistíocht caipitil suntasach sa chlár iarnród eadrom agus iarnród trom, sa chlár bus, agus sna cláir siúlóide agus rothaíochta.

Tar éis bunú an Údaráis, ba é an chéad chinneadh suntasach a rinneadh ná dul i gConarthaí Seirbhíse Poiblí leis na trí chuideachta CIÉ, conarthaí atá ina gceangal de réir dlí ar an Údarás agus ar na

cuideachtaí araon. Táimid anois tar éis bheith ag obair leis na cuideachtaí CIÉ chun an uastoradh do Chiste an Stáit a chinntiú ar an fóirdheontas a sholáthraíodh dóibh le haghaidh seirbhísí na gcuideachtaí sin a bhí ag cailliúint airgid.

D'ainneoin na sriantaí ar bhuiséid, is féidir moll mór a dhéanamh sa ghearr-théarma chun a thuilleadh luacha a bhaint as an líonra seirbhísí atá ann cheana féin. Réadóidh córas éifeachtach iompair poiblí d'ard-chaighdeán, a mheallann níos mó paisinéirí chuige, réadóidh sé go leor sochair tábhachtacha geilleagair do chustaiméirí, do ghnólachtaí agus don gheilleagar náisiúnta.

Uime sin, bhí an tÚdarás fócasaithe go háirithe le linn 2010 ar aghaidh a thabhairt ar an easnamh comhcheangailte san iompar poiblí trí bheartanna mar an tionscadal ticéadú comhcheangailte, mar eolas fíor-ama do phaisinéirí agus mar an suíomh pleanála bealaigh. Tá buntáistí na hoibre seo le feiceáil cheana i mbliana.

Bhí riachtanas ann an idirghníomhaíocht idir úsáid talún agus pleanáil iompair i Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a threisiú agus bhí sin ina chúis thábhachtach a chuir le bunú an Údaráis. Bhí príomhthasc ann le linn 2010 a bhain le hullmhú straitéis fad-téarmach iompair don Mhórcheantar a chur i gcrích go rathúil.

Rinne an tÚdarás corp suntasach oibre ag soláthair ionchuir do na Treoirlíntí Pleanála Réigiúnaí a bhí faoi athbhreithniú, ní hamháin le haghaidh Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ach le haghaidh gach reigiún sa Stát comh maith.


Ar leibhéal corparáideach de bhí an-fhócas ar eagraíocht nua a bhunú a bheadh éifeachtúil ó thaobh costais de agus a bheadh ag tarraingt ar fhorais agus ar acmhainní a bhí ann cheana féin san earnáil poiblí. Bhain an iarracht sin le struchtúir agus le próisis a shuiteáil a bheadh mar bhonn agus taca ag feidhmeanna reachtúla an Údaráis Tá an tÚdarás diongbháilte le bheith ina eagraíocht a bheidh éifeachtúil ó thaobh costais de. Dá bhrí sin, táimid ag

obair go dian chun é a chinntiú go mbeidh costaisí riaracháin á gcoimeád comh íseal agus is féidir.


Is mian liom é a chur ar thaifead cé chomh mór liom is a bhí comhiarrachtaí foirne an Údaráis i rith 2010 lena n-áirítear pearsanra an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a bhí sannta chun oibre gearr-thréimhseach san Údarás.

Tá an tÚdarás tiomanta do chaidreamh proifisiúnta a fhorbairt agus a chothabháil lenár bpáirtithe leasmhara uile lena n-áirítear comhlachtaí reachtúla, ionadaithe poiblí, eagraíochtaí ionadaíochta agus an lucht taistil i gcoitinne.

Mar achoimre, measaimse gurb í 2010 an bhliain inar éirigh leis an Údarás fothaí daingean a leagan síos ar ar féidir leis an tÚdarás fíorfheabhsúcháin dearfach a thógáil maidir le hiompair poiblí a heagrú agus a sheachadadh ar fud an Stáit.



Gerry Murphy



<sup>1</sup> Ar mhaithe le hiomláine cuimsíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo tréimhse 13-mí ós rud é gur bunaíodh an tÚdarás 1 Nollaig 2009.  
<sup>2</sup> Ós rud é nár ghlac an tÚdarás freagracht as an tionscal fheithicil bheag sheirbhíse poiblí go dtí 1 Eanáir 2011, ní chuimsítear saincheisteanna a bhaineann leis an tionscal sa Tuarascáil Bhliantúil seo.



## Ráiteas Leasa Phoiblí

### Intreoir

Is comhlacht reachtúil neamhthrádála é an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás), a fheidhmíonn faoi choimirce an Roinn Iompair, Turasóirachta agus Spóirt.

Tá an tÚdarás freagrach as

- Seirbhísí poiblí bus agus iarnróid a thabhairt chun críche ar bhonn náisiúnta;
- Seirbhísí poiblí trádála bus a cheadúnú ar bhonn náisiúnta;
- Eolas a chomhcheangail idir na seirbhísí seo;
- Córas iompair chomhcheangailte a sholáthair sa Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath<sup>3</sup>.
- An tionscadal fheithicil bheag sheirbhíse poiblí a rialáil ar bhonn náisiúnta<sup>4</sup>;

Bunaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar bhonn An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 agus An tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009. Fad is a bhí sé coimpearta i dtosach mar údarás iompair le haghaidh Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, bhí sé aiteilgthe mar an tÚdarás Náisiúnta Iompair san Acht 2009, rud a mhéadaigh a fheidhmeanna agus a shainchúram tíreolaíoch

D'fhéadfaí feidhmeanna an Údaráis a achoimriú mar seo a leanas:

### Feidhmeanna ar bhonn Náisiúnta

1. Seirbhísí iompair poiblí a thabhairt chun críche trí mheán chonarthaí seirbhísí iompair poiblí,
2. Seirbhísí poiblí phaisinéirí bus nach bhfuil faoi réir chonartha seirbhísí iompair poiblí a cheadúnú,
3. Eolas comhcheangailte iompair poiblí a sholáthair,
4. Creat rialála le haghaidh rialú agus feidhmiú fheithicilí beaga sheirbhísí poiblí a fhorbairt agus a chothabháil.

### Feidhmeanna Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

1. Pleanáil straitéiseach iompair a ghlac mar chúram orthu féin,
2. Forbairt líonra iompair poiblí atá inrochtana agus comhcheangailte a chur ar aghaidh,
3. Daoine a spreagadh chun níos mó leasa a bhaint as rothaíochta agus as siúlóide mar mheán iompair, agus
4. Aimsigh
  - a. soláthar bhonneagar iompair poiblí,
  - b. soláthar ticéadú comhcheangailte agus córais eolais d'iompair poiblí<sup>5</sup>,
  - c. bainistiú éifeachtúil tráchta,
  - d. bainistiú éifeachtúil éilimh ar iompair,
  - e. forbairt agus cur i bhfeidhm branda amháin iompair poiblí,
  - f. sonraí staitisticíúla agus eolas faoi iompar a bhailiú, agus
  - g. staidéar a dhéanamh ar iompar.

### Rialachas & Riarachán

#### An Bord

Tá an tÚdarás rialta ag Bord a chuimsíonn suas le dáréag chomhalta ceaptha ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Tá tri phost ar an mBord ex officio ar bhonn na hAcha. Tá na poist seo curtha in áirithe don POF, do bhainisteoir sinsearach eile an Údaráis agus do Bhainisteoir Chathrach Bhaile Átha Cliath,

D'fhéadfaí comhaltaí a cheapadh le haghaidh tréimhse suas le cúig bhliana agus d'fhéadfaí iad a cheapadh arís. Ach, ní féidir le comhaltaí an Bhoird freastail go ceann tréimhse nach faide ná deich mbliana. Ní bhaineann an srianadh seo le comhaltaí ex officio a fhanann ceaptha comh fada is a bhfuil siad sa phost ábharach



3. Baile Átha Cliath, Cill Dara, An Mhí, Cill Mhantáin

4. Ó 1 Eanáir 2011

5. Leathnaidh roinnt fheidhmeanna go dtí roinnt limistéir lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ar Ordú Aire



### **An Feidhmeannas**

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i gceannas ar an bhFeidhmeannas agus tacaíocht aige ó chúig thuarascálacha díreacha -

1. Stiúrthóir Bheartais Chorpáraidigh & Seirbhísí<sup>6</sup>;
2. Stiúrthóir Airgeadais;
3. Stiúrthóir Iompair Phoiblí;
4. Stiúrthóir Rialáil Tacsaithe; agus
5. Stiúrthóir Phleanáil Iompair agus Infheistíochta.

### **Comhlachtaí Comhairleacha**

Tá soláthar sa reachtaíocht do dhá Chomhairle Comhairleach atá reachtuil, agus an dá cheann neamhspleách ar an Údarás. Is iad san -

- An Coiste Comhairleach um Fheithiclí Bheaga Sheirbhíse Poiblí<sup>7</sup>;
- Comhairle Comhairleach an Údarás Náisiúnta Iompair.

Tá An Coiste Comhairleach ann chun comhairle a thabhairt don Údarás nó don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, de réir mar is cuí, maidir le saincheisteanna a bhaineann le feithiclí bheaga sheirbhíse poiblí agus a dtiománaithe.

Is é aidhm An Choiste Chomhairligh, nár cuireadh ar bun i 2010, ná monatóireacht a dhéanamh ar an slí ina chomhlíonann an tÚdarás a fheidhmeanna i dtaobh Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath agus moltaí a dhéanamh ina leith san. D'fhéadfaidh an tÚdarás agus an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairle nó d'fhéadfadh siad comhairle a iarraidh uathu.

Is é An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann comhaltaí An Choiste Chomhairligh agus An Chomhairle Chomhairligh.

### **Leas Poiblí**

Leagtar amach réimse chuspóirí leas an phobail maidir le hiompar, le hinbhuanaitheachtacht an chomhshaoil, le comhtháthú sóisialta, le dul ar aghaidh eacnamaíoch, le hinrochtaineacht, le hiomaíocht rialáilte agus le luach ar airgead.

### **Ordacháin agus Treoirínte Aireachta**

Foráiltear sa reachtaíocht a rialaíonn an tÚdarás go bhféadfaidh An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ordacháin nó treoirínte bheartais a eisiúint don Údarás maidir lena fheidhmeanna.

Ní raibh aon ordachán ná treoirínte eisithe sa tréimhse faoi bhreithniú<sup>8</sup>.

### **Fóram Rialála**

I bhFeabhra 2010 bhí an Príomhfheidhmeannach ina ionadaí don Údarás ag cruinniú tionscnaimh an Fhóram Rialála nua bunaithe ag an Rialtas. Tá an Fóram dírithe ar é a áirithiú go bhfuil an córas rialála geilleagrach oiriúnach don fheidhm, láidir agus sofhreagrach do riachtanaisí geilleagracha, comhshaoil agus sóisialta atá ag athrú. Bhí naoi príomhrialtóirí geilleagracha, agus an tÚdarás san áireamh, páirteach sa chruinniú.



6. Ionad follamh ó Feabhra 2011  
7. Ó 1 Eanáir 2011  
8. Nollaig 2009 go 31 Nollaig 2010



## Gníomhaíochtaí ar bhonn Náisiúnta

### Intreoir

Mar atá ráite thuas, baineann feidhmeanna an Údaráis ar bhonn náisiúnta le rialachán seirbhísí iompair phoiblí trí sholáthar sheirbhísí iompair phoiblí faoi Chonarthaí Seirbhísí Poiblí, trí sheirbhísí bus tráchtála a cheadú, trí chomhairle a thabhairt do Údarás Réigiúnach maidir le hiompar agus le pleanáil úsáid talún ar leibhéal réigiúnach agus trí dlí an AE maidir le cearta paisinéirí iarróid a chur i bhfeidhm.

### Conarthaí Seirbhíse Iompair Phoiblí

Rinne an tÚdarás Conarthaí le haghaidh soláthair sheirbhísí iompair phoiblí a bhí riachtanach ón taobh sóisialta de ach a bhí neamhinmharthana ón taobh airgeadais de le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann le haghaidh 5 bhliana agus le hIarnród Éireann le haghaidh 10 mbliana ar 1 Nollaig 2009. Freagraíonn na conarthaí seo ar Rialachán 1370/2007 an AE agus tá siad in oiriúint leis. Leagan Rialachán an AE síos na coinníollacha a bhaineann le conas údarás phoiblí agus iad ag forchur nó ag deánamh conarthaí de réir dualgaisí seirbhísí phoiblí, conas ar féidir leo oibreoirí seirbhísí phoiblí a chúiteamh le haghaidh chostais a bheith le tabhú agus/nó conas cearta eisiacha a dheonú i gcomaoin dualgaisí seirbhísí poiblí a chomhlíonadh.

Leagann na Conarthaí síos caighdeáin fheidhmíochta do na hoibreoirí maidir le hiontaofacht, le puncúlacht agus le cáilíocht na seirbhísí curtha ar fáil. Rinne an tÚdarás monatóireacht ar fheidhmíocht na n-oibreoirí iompair; tá an monatóireacht seo comhdhlúite i dtuarascálacha ráithiúla agus san anailís staitisticíúil. Chomhlíon na hoibreoirí na caighdeáin i gcoibhneas le feidhmíocht atá leagtha amach sna Conarthaí agus íocadh as an gcúiteamh a bhain leis (10% de leibhéal foriomlán an chúitimh chomhaontaithe). Cuireadh tús le athbhreithniú ar na spriocanna feidhmíochta ag féachaint don

fheidhmíocht iarbhir i 2010 d'fhonn caighdeáin fheidhmíochta feabhsaithe a shocrú i 2011.

Tá na Conarthaí agus na tuarascálacha feidhmíochta foilsithe ar láithreán gréasáin an Údaráis.

### Tionchar Sóisialta

Rinne an tÚdarás forbairt ar Modheolaíocht Mheastachán Tionchar Sóisialta chun cabhrú le riachtanais sóisialta a aimsiú i gcomhthéacs an cistiúcháin ar fáil do sheirbhísí iompair phoiblí Tá an Modheolaíocht, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis, le húsáid ag oibreoirí agus iad ag cur mórmholtaí cuíchóirithe faoi bhráid an Údaráis. Soláthraíonn sí don Údarás bonn anailiseach atá struchtúrtha agus beidh an tÚdarás in ann athruithe móra a fhaomhadh nó a chur ar siúl i seirbhísí atá riachtanach go sóisialta. Leis an modheolaíocht seo beidh oibreoirí agus an tÚdarás in ann luach sóisialta na seirbhísí a rangú as Scór Tionchar Sóisialta a chruthú agus Léarmhas Luach ar Airgead a chur i bhfeidhm.

Bhain Iarnród Éireann úsáid as an Modheolaíocht mar chuid dá aighneacht don Údarás seirbhísí phaisinéirí iarróid a chur ar fionraí ar an líne Port Láirge go Ros Láir ar mhaithe le seirbhís bus malartach. Chinneadh ar chomhairle go mbeadh luach sóisialta de thoradh ar an seirbhís bus a bhí molta níos airde ná luach sóisialta na seirbhíse iarróid a bhí ann cheana féin, agus ar an bhonn sin cuireadh deireadh leis na seirbhísí paisinéirí iarróid.

### Athruithe ar Sheirbhísí Bus Maoinithe

Le linn 2010 chuir an tÚdarás 319 moltaí faoi chaibidil maidir le hathruithe ar sheirbhísí bus maoinithe a bhí oibríthe ag Bus Éireann. Bhí go leor de na hathruithe a moladh ina chuid de Phlean Téarnamh Costais an oibreora, plean a fhorbríodh tar éis foilsíúcháin, in Eanáir 2009, de Athbhreithniú Costais agus Éifeachtúlacht Deloitte de Bhus Átha



Cliath agus de Bhus Éireann. Éilítear ar Bhus Éireann, faoi théarmaí an Chonartha Seirbise Poiblí, cinntí an Athbhreithniú seo a chur i bhfeidhm.

Agus do phróiseáil an tÚdarás **240** moltaí faoi athruithe ar sheirbhísí bus maoinithe a bhí oibríte ag **Dublin Bus**. Bhí go leor de na hathruithe molta seo ina gcuid de Thionscadal Dhíriú Líonra a fhorbraíodh tar éis foilsíúcháin, i Eanáir 2009, den Athbhreithniú Costais agus Éifeachtúlachta Deloitte. Éilítear ar Bhus Átha Cliath, faoi théarmaí an Chonartha, cinntí an Athbhreithniú seo a chur i bhfeidhm. Comhshnaidhmeann an Tionscadal athdhearadh iomlán an líonra seirbhísí maoinithe á oibriú ag Bus Átha Cliath chun seirbhísí díreach agus níos tapaidh a chur ar fáil agus chun costais a chuíchóiriú. Faomhaidh an tÚdarás athruithe ar sheirbhísí i Stigh Lorgan, i Leamhcán, agus i mBaile Bhlainséir agus cuireadh i bhfeidhm iad i 2010.

I gcás **Iarnród Éireann**, rinne an tÚdarás **106** moltaí maidir le hathruithe ar sheirbhísí paisinéirí iarnróid maoinithe a phróiseáil. Curtha san áireamh ansin bhí breathnú ar mholadh ó Iarnród Éireann seirbhísí phaisinéirí iarnróid ar an líne Port Láirge go Ros Láir a chur ar fionraí agus líonra athbhreithnithe malartach a chur ina áit. Tugadh formheas tar éis breathnú ar aighneacht ó Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt agus bhí roinnt coinníollacha comhshnaidhmthe ann. Curtha san áireamh leo bhí an ceangaltas go mbeadh córas bhainistíocht sócmhainní in ionad chun é a chinntiú go mbeidh an líne cothabháilte go leordhóthanach chun ath-insealbhú na seirbhísí a ligean dá mba rud é go dtiocfaidh feabhas ar éileamh ar iompar agus ar chúinsí geilleagrach.

#### Conradh Oibríochtaí Iarnróid Eadroma

Tá seirbhísí iarnróid éadroma sa Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath oibríte ag Veolia Transport Ireland Limited faoi chonradh leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnróid. Do shann an tÚdarás an fheidhm seo

orthu. Faoi láthair ní foictar aon fóirdheontas i leith oibriú sheirbhísí iarnróid éadroma.

Foilsíonn an tÚdarás tuarascálacha feidhmíochta ráithiúla maidir le conradh Veolia ar a láithreán gréasáin, [www.nationaltransport.ie](http://www.nationaltransport.ie).

#### Ceadúnú Bus

I Nollaig 2009 chuir an tAire Iompair forálacha áirithe den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009<sup>9</sup> i bhfeidhm chun ullmhú na Treoirínte cuimsitheacha nua le haghaidh Cheadúnú Seirbhísí Phaisinéirí Bus Poiblí a éascú. Bheadh an tÚdarás in ann glacadh le cúram na dTreoirínte go héasca comh maith. Bhí sé seo ina réamhtheachtaí riachtanach chun aistriú na feidhme ceadúnaithe bus ón Roinn Iompair chuig an Údarás.

Glacadh le próiseas fairsing chomhairliúcháin phoiblí idir lúil agus Meán Fómhair agus ghlac an Bord leis na Treoirínte nua i mí na Samhna. Is é aidhm na dTreoirínte nua ná an t-iaratas agus an próiseas cinnteoireachta a dhéanamh soiléir agus éasca le tuiscint d'oibreoirí trí chomhairle ar na próisis agus ar na príonsabail a bhaineann leis an chóras cheadúnú bus poiblí do phaisinéirí.

Tugtar cur síos sa Treoirínte conas a úsáidfear an próiseas rialála chun freastal ar an gcustaiméir iompair agus chun iomaíocht a chumasú laistigh de chreat struchtúrtha. Leagtar amach sna Treoirínte freisin na catagóirí ceadúnais, tréimhsí bailíochta na gceadúnas, na táillí ábhartha agus scála ama táscach le haghaidh iarratais a phróiseáil.

Tar éis na Treoirínte a cheadú, d'aistríodh freagracht as ceadúnú seirbhísí bus ón Roinn go dtí an tÚdarás i mí na Nollag<sup>10</sup>. Bainteach le seo bhí aistriú na n-iaratas ceadúnais fós le déanamh agus iarratais ar leasú cheadúnais go dtí an tÚdarás lena mbreithniú. Mar sin féin, i gcomhréir le forálacha an Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 bhí na hiarratais seo le breithniú i gcomhréir leis an reachtaíocht a bhí i bhfeidhm roimhe sin nuair a rinneadh na hiarratais ar dtús.

Tugadh isteach próisis inmheánacha agus

athbhreithnithe, a bhí shruthlíneach, maraon le oiliúint foirne, d'fhonn seirbhís críochnúil, táirgiúil agus éasca le húsáid a chinntiú le haghaidh iarratasóirí faoin gcóras cheadúnú bus a bunaíodh faoi na Treoirínte nua.

#### Ceartha Paisinéirí Iarnróid

I mí na Nollag 2010, d'ainmnigh an tAire Iompair an tÚdarás mar an comhlacht atá freagrach as forfheidhmiú Rialachán 1371/2007 an AE in Éirinn maidir le ceartha agus dualgais phaisinéirí iarnróid<sup>11</sup>.

Is féidir le tomhaltóirí teacht ar eolas anois ar láithreán gréasáin an Údarás maidir lena gcearta agus maidir leis na nósanna imeachta is féidir leo leanúint i gcás gearáin.

#### Méadú Sainchúram

Le linn 2010 leathnaigh an tAire Iompair roinnt feidhmeanna an Údarás níos faide ná Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Éilítear ar an Údarás eolas iompair phoiblí comhcheangailte a sholáthar i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge<sup>12</sup> agus i gcontaetha comhtheagmhálacha fad is atá sainchúram an Údarás maidir le ticéadú comhcheangailte méadaithe go dtí an chuid eile den Stát<sup>13</sup>. Tá forbairt i ndáil leis na nithe seo leagtha amach in áiteanna eile.

#### Pleanáil Reigiúnach

Éilítear ar Údarás Pleanála Réigiúnach Iasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath dul i gcomhairle leis an Údarás nuair a bhíonn treoirínte pleanála réigiúnach le haghaidh a gceantar féin á ullmhú acu agus aghaidh a thabhairt go sainráite ar thuairimí an Údarás agus a dtreoirínte críochnaitheacha á gcinntiú acu.

Tharraing gach Údarás Réigiúnach, agus ocht gcinn sa Stát, tharraing siad treoirínte pleanála réigiúnach nua anuas i 2010. Gineadh moll mór oibre anailísigh agus ullmhúcháin aighneachtaí dá bharr. Tá sonraí na n-aighneachtaí a chuir an tÚdarás faoi bhráid na nÚdarás Réigiúnach Pleanála i 2010 leagtha amach in Aguisín 1. Gineadh an próiseas seo deiseanna do rannpháirtíocht ghníomhach láithreach leis na hÚdarás Réigiúnach maidir le chomhcheangal idir phleanáil úsáid talún agus soláthar iompair phoiblí. Tá an tÚdarás ionadaithe anois ar na Gasraí Forfheidhmithe a chomhordaíonn agus a bhainistíonn cur i bhfeidhm na dTreoirínte i ngach réigiún agus tá naisc láidre táirgiúil forbartha idir na páirtithe.

Cuireann an tÚdarás béim láidir ar phleanáil bunaithe ar fhianaise agus, mar chuid dá fheidhm chuimsitheach phleanáil iompair laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, coinníonn an tÚdarás méid suntasach sonraí ar réimse thréithe úsáid talún, gnéithe ar a uain a ghineann éileamh ar iompar agus a bhfuil tionchar acu ar an ráta agus ar phatrún gluaiseachta laistigh den réigiún.

Le linn 2010 chuir an tÚdarás leis na tacair shonraí sin chun clúdach náisiúnta a chur ar fáil. Déantar na sonraí go léir a chothabháil mar tacair shonraí spásúlachta, rud lena ceadaítear anailís a dhéanamh ar an leibhéal réigiúnach síos go dtí an leibhéal áitiúil. Déantar rochtain ar na sonraí seo a chur ar fáil d'údarás áitiúla agus réigiúnach, mar is gá, chun cabhrú lena gcuid oibre féin.

Cuireadh tús le hobair i mbliana chun Samhail Náisiúnta Iompair a fhorbairt, agus cuideofar a leithéad le cur chuige a chaighdeánú ar fhorbairt agus ar infheistiú i dtionscadail iompair ar fud an Stáit.

9. Ionstraim Reachtuil Uimh. 466 de 2009  
10. Ionstraim Reachtuil Uimh. 566 de 2010

11. Ionstraim Reachtuil Uimh. 646 de 2010  
12. Ionstraim Reachtuil Uimh. 139 de 2010  
13. Ionstraim Reachtuil Uimh. 467 de 2010



## Gníomhaíochtaí Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath

### Intreoir

Mar atá léirithe thuas, tugadh réimse leathan feidhmeanna don Údarás, feidhmeanna a bhaineann le Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath (GDA), a chlúdaíonn Contae Bhaile Átha Cliath, Contae Chill Dara, Contae na Mí agus Contae Chill Mhantáin. Is é aidhm na feidhmeanna sin ná an tÚdarás a chur ar chumas forbairt chóras iompair chomhcheangailte a dhaingniú don Mhórchearntar, réigiún atá faoi líon mór daoine agus réigiún ina bhfuil trácht trom an Stáit ag gabháil tríd.

Miondealaítear feidhmeanna an Údaráis i leith Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath sna réimsí leathana seo a leanas -

- a. pleanáil straitéiseadh iompair agus bainistiú tráchta;
- b. infheistiú chaipitiúil i mbonnagar iompair phoiblí agus i mbearta bhainistiú tráchta;
- c. seirbhísí iompair phoiblí agus iad a chomhcheangail.

Mar sin féin, glacann an t-údarás poiblí iomchuí go ginearálta le cur i bhfeidhm bearta an Údaráis<sup>14</sup> agus é ag gníomhú ar son an Údaráis cé go bhfuil an chumhacht ag an Údarás féin dul i mbun an ról seo, más gá. Tá cumhacht ag an Údarás comh maith a fheidhmeanna comhcheangailte a shannadh do thríú páirtithe, más iomchuí é.

### Pleanáil Straitéiseach

Éilítear ar an Údarás Straitéis Iompair, Plean Forfheidhmithe Comhcheangailte agus Plean Bhainistiú Tráchta Straitéiseach a tháirgeadh le haghaidh Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath. Caithfidh an Plean Straitéis agus Cur i bhFeidhm Iompair a bheith ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta, agus Spóirt. Caithfidh an Plean Straitéiseach Bhainistiú Tráchta a bheith ceadaithe ag Bord an Údaráis.

### Straitéis Iompair

Bhí bunú an Údaráis ina phríomhréasúnaíocht chun feabhas a chur ar an idirghníomhaíocht idir iompair agus pleanáil úsáid talún. Uime sin éilítear ar an Údarás timthriall phleanáil iompair a fhorbairt atá fite fuaite leis an timthriall agus a thacaíonn timthriall phleanáil úsáid talún réigiúnach agus áitiúil mar atá déanta ag na hÚdaráis Pleanála Réigiúnacha agus Áitiúla laistigh de Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath. Is é príomhaschur an Údaráis ná an Straitéis Iompair agus éileamh air teacht leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath agus vice versa. Ní foláir don Údarás comh maith athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna forbartha agus ar phleananna cheantar áitiúla gach údarás pleanála áitiúla laistigh de Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath maidir le comhsheasmhacht leis an Straitéis Iompair.

Ar ndóigh, tá an phleanáil straitéiseach iompair agus forbartha ina gnóthas fadtéarmach. Dá bhrí sin tá léaslíne 20 bliain ag an Straitéis Iompair agus léaslíne 12 bliana ag Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha, agus iachall ar athbhreithniú a dhéanamh orthu araon ar bhonn 6 mbliana.

I rith 2010, lean an obair mhionsonraithe ar aghaidh ar fhorbairt céad Straitéis Iompair an Údaráis do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath ar a dtugtar 2030 Vision.

Tionóladh cúigiú babhta comhairliúcháin le páirtithe leasmhara i mí Eanáir chun machnamh a dhéanamh ar bhuntáistí nó a mhalairt de thionscadail / idirghabhálacha a d'fhéadfaí a áireamh sa dhréacht Straitéis. Bhí 90 páirtithe leasmhara bainteach sa chomhairliúchán agus iad tarraingthe ó na hearnálacha gnó, pobail agus oideachais chomh maith le ionadaithe Ranna Rialtais, oibreoirí iompair agus úsáideoirí, agus ionadaithe poiblí.

Críochnaíodh an obair fhorbartha chun feabhas a





chur ar stóinseacht agus ar chruinneas an Samhail Ghiniúint agus Tharraingt Turais (SGTT). Is é seo an samhail a úsáidtear mar ionchur tábhachtach nuair a bhíonn éifeachtaí tionscadal á shamhaltú agus ag déanamh measúnú eacnamaíoch ina dhiaidh sin ar thionscadail iomaitheoirí.

Rinne an Gasra Stiúirtheoireacht Straitéise páipéir theicniúla a thug aghaidh ar thionscnaimh sa Straitéis Iompair agus a chuir síos go sonrach ar an ngaol idir an Straitéis agus an straitéis réigiúnach úsáid talún a bhfuil sé beartaithe é a thacú agus a éascú, rinne siad iad a hullmhú, a mheasú agus a ghlac chuig an Gasra. Ina theannta sin, fuair an tÚdarás comhairle ó chomhairleoirí maidir le roinnt tionscadail níos casta, tionscadail iarnróid ach go háirithe. Lean comhairleoirí ar aghaidh freisin le forbairt Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus Measúnú ar Threoir maidir le Gnáthóga le haghaidh an Straitéis Iompair atá ag teacht chun cinn.

Ag druidim ar dheireadh na bliana, rinneadh pleanáil agus ullmhú le haghaidh mórchomhairliúcháin phoiblí ar Dhréacht den Straitéis Iompair, agus cuireadh deireadh leis an bpróiseas le seoladh an Straitéis i mí Eanáir 2011. Le linn phróiseas ullmhú na straitéise, agus le linn an chomhairliúcháin, lean an tÚdarás le banc cuimsitheach faisnéise a sholáthair ar a láithreán gréasáin tiomnaithe [www.2030vision.ie](http://www.2030vision.ie).

#### **Pleanáil Úsáid Talún**

D'oibrigh an tÚdarás go dlúth le hOifig na dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha ar fud 2010 ag ullmhú na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath d'fhonn é a chinntiú go mbeadh an Dréacht Straitéis Iompair agus an straitéis lonnaithe don Cheantar aillínithe.

Chomh maith leis na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha, cuirtear san áireamh i bhfeidhmeanna reachtúla an Údaráis, monatóireacht a dhéanamh ar na pleananna forbartha, ar pleananna ceantair áitiúla

agus ar pleananna reachtúla eile ag údaráis áitiúla, agus pleananna ullmhaithe ag Gníomhaireacht Fhorbartha Ghráinseach Ghormáin agus ag an Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath

I rith 2010 ghlac an tÚdarás le cur chuige réamhghníomhach i gcaidrimh láidir oibre a bhunú leis na húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile d'fhonn

- é a chinntiú go bhfuil na beartais agus na cuspóirí atá leagtha síos sa Straitéis Iompair inréadaithe,
- tuiscint a fháil ar cheisteanna áitiúla agus ar a dtionchair, agus
- tacú le húdaráis áitiúla agus iad ag cur leis an Straitéis Iompair.

Bhí cur chuige dériain i gceist anseo. Ar an gcéad dul síos bhí sé tábhachtach obair i gcuibhreann roimh ré ar na pleananna a bhí fós le foilsiú agus sa dara dul síos bhí measú agus trácht ar dhréacht pleananna reachtúla a fhoilsiódh.

Tá mionsonraí na bpríomhaighneachtaí a rinne an Údarás d'Údaráis Pleanála Réigiúnacha agus Áitiúla i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath i 2010 leagtha amach in Aguisín 1. I rith na bliana freisin rinne an tÚdarás roinnt aighneachtaí d'údaráis phleanála agus don Bhorc Pleanála maidir le moltaí pleanála aonair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath chomh maith le freagairt do chomhairliúcháin i dtaobh beartais phleanála.

#### **Plean Comhcheangailte Cur i bhfeidhm agus Plean Straitéiseach Bhainistiú Trácht**

Laistigh de naoi mí tar éis Straitéis Iompair an Údaráis a bheith ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ní mór don Údarás Plean Cur i bhfeidhm a tharraingt anuas, plean ina leagtar amach plean mionsonraithe agus costáilte, le haghaidh chomhcheangail bonneagair agus seirbhísí iompair phoiblí thar thréimhse 6 mbliana.

Ós rud é go raibh an príomhfhócas i rith 2010 ar ullmhú Dréacht den Straitéis Iompair amháin, ní raibh ach réamhobair déanta ar ullmhú an Plean Cur i bhfeidhm agus Plean Bhainistiú Trácht.

#### **Infheistíocht Chaipitiúil i mBonneagar Iompair Phoiblí agus i mBearta Bhainistiú Trácht**

Tá an tÚdarás freagrach as an gclár infheistíocht chaipitil iompair phoiblí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. I gcomhlíonadh a fhreagrachta, cinntíonn sé go bhfuil an infheistíocht spriocdhírthe ar bhealach a sholáthraíonn an toradh is fearr don Stát ar an infheistíocht sin agus an gnóchan iompair is mó sa Mhórchearntar. Cinntíonn sé freisin go bhfuil na tionscadail sin atá maoinithe á mbainistiú ar bhealach a sheachadann an toradh atá beartaithe ar bhealach tráthúil agus laistigh den bhuiséad.

Le linn 2010 d'fhorbair an tÚdarás sraith threoircháipeisí chun bainistiú barrmhaithe ar thionscadail infheistíochta iompair phoiblí a chinntiú, cibé iad a bheith sheachadta trí Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí nó de réir soláthair thraidisiúnta.

Éilítear go mbeadh na gníomhaireachtaí seachadta ag cloí leis na treoirlínte seo i bhforbairt agus i chur i ngníomh tionscadail chaipitil. Déanann na treoirlínte soiléireacht a chinntiú maidir le próisis chéimnithe formheasa do thionscadail il-milliún, agus le comhchoitiantacht ullmhúcháin agus tuairisciú costais. Éascaíonn aonfhoirmeacht chleachtas bhainistiú tionscadail trasna gníomhaireachtaí aistriú feabhsúcháin chleachtas idir na gníomhaireachtaí. Bíonn athbhreithniú leanúnach riachtanach do mhórchláir chaipitil, chun feabhas a chur ar sheachadadh próisis chun sochair an cháinócóra, agus ní foláir ceachtanna a fhoghlaimíodh i ghníomhaireacht amháin a bheith ar fáil ar fud na gníomhaireachtaí go léir.

Déantar tagairt do na doiciméid seo, agus iad ar fáil ar an láithreán gréasáin, in Aguisín 2.

#### **Clár Infheistíochta Iarnróid**

Le linn 2010, ghlac Iarnród na hÉireann mórthionscadail forbartha bonneagair mar chúram, lena n-áirítear críochnú an chéad chéim de líne iarnróid na hUaimhe, obair ath-comharthaíochta ar an gcóras iarnróid i lár na cathrach, an Tionscadal Bhealach Chill Dara agus pleanáil agus forbairt ar an tollán DART faoi thalamh agus tionscadail feabhsúcháin coimhdeacha.

Bhí dul chun cinn suntasach déanta rith na bliana, le líne iarnróid nua ag nascadh Dhún Búinne le líne Mhaigh Nuad agus ar aghaidh go Stáisiún na nDugaí, agus é á oscailt i Meán Fómhair 2010 chomh maith le suiomh mór 1200-spás páirceáil & taistil ag an Parkway M3.

Leanadh ar aghaidh leis an obair le linn 2010 ar thionscadal ath-comharthaíochta Lár na Cathrach. Is sampla é seo de thionscadal suntasach ach d'fhéadfaí nach bhfuil an pobal ró-eolasach faoi, ach fós tá buntáistí suntasacha ag baint leis le haghaidh chustaiméirí iompair mar beidh sé mar réiteach ar chuid de na srianta atá ann faoi láthair sa limistéar líonra iarnróid lár na cathrach faoi láthair, go ginearálta ní féidir ach 11 traenacha i ngach treo pas a fháil tríd an gceantar Connolly lámach sa buaicuir. Ar chríochnú an tionscadail ath-comharthaíochta beidh an méadú seo ar chumas an líne a bheith in ann déileáil ar a laghad le 17 gluaiseachtaí traenach i ngach treo in aghaidh na huair. Faoi choinníollacha barrmhaitheasa agus le hoibreacha rian eile, d'fhéadfaí go mbeadh 20 traenacha in aghaidh an treo in aghaidh na huair. Beidh sin ag éascú feidhmiúcháin ar leibhéal níos airde de sheirbhís ar línte atá ag beathú isteach ar an raon trunca ná mar is féidir faoi láthair.

Bhí roinnt tionscadal eile á bpleanáil i rith 2010. Is é an ceann is suntasá ná an tollán DART faoi thalamh agus oibreacha coimhdeacha. Chuir An Bord Pleanála tús leis an éisteacht ó bhéal ar an togra seo i mí na Nollag 2010.



Rinneadh dul chun cinn maith ar Orduithe Iarnróid a ullmhú le cur faoi bhráid an Bhord Pleanála le haghaidh leictriú líne Mhaigh Nuad agus an dara chéim de Thionscadal Bhealach Chill Dara (Inse Chór go Collchoill).

Ina theannta sin, d'osclaíoch stáisiún nua DARTag Cluain Ghrifin in Aibreán 2010

Leanadh ar aghaidh le meaisíní bhailíochtú ticéad uathobríoch a chur i bhfeidhm agus rinneadh 33 stáisiún eile a fheistiú i 2010.

#### Clár Infheistíochta Iarnróid Éadrom

Críochnaíodh an síneadh 1.5 km de líne Dhearg Luas go dtí an ceantar Dugthailte agus osclaíodh é le haghaidh seirbhísí do phaisinéirí i mí na Nollag 2009. Ina dhiaidh sin i mí Dheireadh Fómhair 2010 osclaíodh an síneadh 7.5 km den Líne Ghlas Luas go Coill na Silíní agus Gleann Bhríde. Tá an dá síntí seo ag cur leis an rathúlacht a bhí ar an Luas ó tionscnaíodh i 2004 í agus léirítear a thuilleadh dul chun cinn i leathnú an líonra Luas laistigh den limistéar uirbeach de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Le tógáil spor as Líne Dhearg Luas go hIarthar na Cathrach agus Teach Sagard bhí dul chun cinn freisin ar fud 2010. I mí Mheán Fómhair cuireadh tús le hobair ar shuiteáil an chóras teagmhála lastuas agus na córais chumarsáide agus chomharthaíochta agus faoi dheireadh na bliana 2010 críochnaíodh na hoibreacha rian.

Bhí dul chun cinn leanúnach maidir le pleanáil agus dearadh an Meitreo Thuaidh. I mí Dheireadh Fómhair, fuair an Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnróid (RPA) ordú iarnróid (cead pleanála) le haghaidh Metro Thuaidh, faoi réir coinníollacha áirithe. Go háirithe sholáthraigh an t-ordú iarnróid go mbeadh an tionscadal Meitreo Thuaidh ag foirceannadh ag an Stad Inbhear i Sord mar atá molta, seachas ag Baile Bheilinn mar a bhí pleanáilte, áit a raibh áiseanna

iosta beartaithe in aice láimhe. Mar thoradh ar an gcinneadh sin, tá sé riachtanach don RPA iarratas a dhéanamh ar Ordú Iarnróid a thuilleadh le haghaidh láthair eile iosta ó dheas ó Aerfort Bhaile Átha Cliath ag Baile an Dairdisigh. Lean obair ar aghaidh i rith an chuid eile de 2010 leis an togra leasaithe a thabhairt chuig an céim d'iarratas ar dara Ordú Iarnróid.

Cuireadh obair ar línte eile Luas agus Meitreo sa todhchaí chun cinn freisin i 2010. I mí Mheitheamh, chuir an RPA iarratas chuig an Bord Pleanála ar Ordú Iarnróid i ndáil leis an nasc tras-chathrach atá molta (Líne Luas BXD) a bheidh ag chomhcheangal na Línte Dearga agus Uaine atá ann cheana féin agus sholáthróidh ceangal a chur ar fáil do Clós Dhroichead Broome. I mí Dheireadh Fómhair, chuir an RPA iarratas ar an mBord Pleanála ar Ordú Iarnróid i ndáil leis an mbealach fithiseach atá pleanáilte, Meitreo Thiar.

#### Clár Bhainistiú Tráchtá

Leathnaigh An tÚdarás an clár Deontais Bhainistiú Tráchtá chun clúdach geografach níos leithne a chinntiú agus leis an maoiniú do bhearta a thacaíonn iompar inbhuanaithe a leathnú freisin. Chuir seo údarás áitiúla i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ar chumas dul chun cinn ar bhearta iompair inbhuanaithe, lena n-áirítear dearadh agus cur chun feidhme bearta tosaíochta bhus agus bearta oibríochtúla bus, saoráidí rothaíochta, feabhsuithe do choisithe, feabhsuithe ar fhaisnéis phoiblí iompair do phaisinéirí agus staidéir éagsúla iompair.

De thoradh ar An Clár Deontais bhí seachadadh de a bheag nó a mhór de 9.3km lánáil bus nua, sa bhreis ar chur i gcrích na tionscadal a chuirfidh ar chumas tosaíochta do bhusanna ag acomhail faoi rialú soilse tráchtá, idir sheasaimh aonair agus mar chuid de scéim Rialú Tráchtá Uirbigh laistigh de cheantar Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath.

Chun blas a thabhairt ar fhairsinge an chláir deontais seo, tá sonraí na dtionscadail a bhí maoinithe tríd an gclár um Bainistiú Tráchtá Deontais leagtha amach in Aguisín 3..

#### Comhcheangal na Seirbhísí Iompair

Tá an rialachán maidir le seirbhísí iompair trí chonarthaí agus ceadúnúcháin i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath clúdaithe thuas i ndáil le feidhmeanna an Údaráis ar bhonn náisiúnta.

Mar a luadh níos luaithe sa tuarascáil seo tá mórthionscadail chaipitilá phleanáil, rud a chuirfidh feabhas ar chomhcheangail fhisiciúil an ghréasáin iompair phoiblí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá an tÚdarás ag dul i mbun bearta chun é a chur ar chumas an lucht taistil pleanáil go héasca agus tabhairt faoi thuras ar iompar poiblí, go háirithe nuair atá aistriú idir modhanna nó oibreoirí i gceist. I dtaca le seo is é cuspóir an Údaráis líonra iompair phoiblí atá comhcheangailte agus gan uaim a fhorbairt. Cuimsíonn na bearta comhcheangail eolas taistil comhcheangailte, córais ticéadú agus táill ag oibriú faoi chomhbhranda iompair.

I rith 2010 d'aithin an tÚdarás an gá práinneach le feabhas a chur ar infhaighteacht na faisnéise do chustaiméirí iompair go ginearálta. Go háirithe, thug an tÚdarás faoi deara, cé go bhfuil eolas taistil suntasach ar fáil cheana féin, i mórán cásanna, bíonn ar chustaiméirí iompair faisnéis a bhailiú ó roinnt foinsí éagsúla sular féidir leo turas a phleanáil, go háirithe ar iompar poiblí. Ina theannta sin, bíonn teacht ar fhaisnéis réad-ama ag teastáil ó chustaiméirí iompair chomh maith le linn an turais.

Chinn an tÚdarás aghaidh a thabhairt ar na heasnamh seo trí fhorbairt agus úsáid córais faisnéise agus cumarsáide chomh luath agus is féidir.

#### Faisnéis Réad-ama do Phaisinéirí (FRAP)

Déanfaidh an tionscadal FRAP 450 comharthaí eolais

a shuiteáil ar an tsráid ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC). Beidh siad in ann am teacht na mbusanna a thaispeáint. Sa bhreis ar sin, beidh faisnéis fíor-ama le haghaidh na 5,000 stadanna bus sa réigiún ar fáil trí teachtaireacht téacs agus ar an láithreán gréasáin.

Rinne an tAire feidhmeanna an Údaráis a mhéadú<sup>15</sup> d'fhonn leathnú FRAP go dtí príomhchathracha na réigiúin. De thoradh ar sin bhunaigh an tÚdarás struchtúir bhainistíochta tionscadail chun comharthaí faisnéise fíor-ama a sholáthair maraon leis na seirbhísí tacaíochta i gCorcaigh ar dtús agus ina dhiaidh sin i Luimneach, i bPort Láirge agus i nGaillimh.

Faoi na cumhachtaí reachtula atá aige, rinne an tÚdarás freagracht faoin FRAP le cur i bhfeidhm teicniúil an FRAP i Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus sna cathracha réigiúnacha a shannadh go foirmiúil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Bhí clár infheistíochta comhthreormhar agus tacaíochta in Uathaimsiú na Feithicle le haghaidh Bus Átha Cliath ar fáil. Ag deireadh na bliana, bhí an céim tástála tar éis tosnaíthe le deich (10) gcomhartha FRAP suiteáilte le haghaidh tástála agus monatóireachta go forleathan.

Bhí sé le feiceáil go soiléir go raibh gá le hionad ilfhreastail i gcóir fhaisnéis taistil chustaiméar a chruthú Ni foláir branda/aitheantas líonra éifeachtúil a bheith á úsáid in éineacht leis an spás comhcheangailte chustaiméara seo chun nádúir chomhcheangailte an líonra iompair phoiblí a chur i gcéill. D'fhorbair an tÚdarás branda uileghabhálach a bheadh in ann seasamh in éineacht le brandaí iompair a bhí ann cheana féin agus a líonadh an t-easnamh faisnéise le haghaidh na gcustaiméirí.

Roghnaíodh an t-ainm branda "Iompar d'Éirinn" agus tá an láithreán gréasáin, [www.transportforireland.ie](http://www.transportforireland.ie), ag tacú leis. Tá sé d'aithne ag an Údarás go



n-éireoidh sé ina mhol le haghaidh eisiúint fhaisnéis taistil chomhcheangailte do chustaiméirí iompair.

Tá an tionscadl FRAP ag oibriú faoi bhranda "Iompar d'Éirinn" agus beidh an fhaisnéis fhíor-ama curtha ar fáil ar an láithreán gréasáin "Iompar d'Éirinn".

**Pleanálaí Idirmhódach Náisiúnta Bealaigh**

Le linn 2010 chuir an tÚdarás tús le Pleanálaí Idirmhódach Náisiúnta Bealaigh a fhorbairt d'fhonn é a chur ar chumas na gcustaiméirí a mbealaigh laistigh d'Éirinn a phleanáil níos fearr.

Áiríteoidh an Pleanálaí Bealaigh go mbeidh líonra comhcheangailte iompair le brath ag custaiméirí iompair in ionad bailiúchán díchuingeach seirbhísí, oibreoirí agus modhanna. Ní bheidh an Pleanálaí Bealaigh teorannaithe d'iompar poiblí amhain ach cuimseofar réimse leathan de roghanna iompair lena n-áirítear siúlóid, rothaíocht, tiománaíocht, bus, iarnród, tram agus tacsáí. Beidh an Pleanálaí Bealaigh in ann bheith comhcheangailte le córais cosúla i dTuaisceart na hÉireann, sa Bhreatain agus san Eoraip.

Gabh an tÚdarás le sainchomhairleoirí chun cabhair a thabhairt ar mheas an tionscadai, ar chás gnó a fhorbairt agus ar dhoiciméid tairisceana a ullmhú, doiciméid le haghaidh na conarthaí éagsúla a bheadh riachtanach chun an Pleanálaí Bealaigh a chruthú.

Mar a gcéanna leis an tionscadal FRAP, beidh an Pleanálaí ag oibriú faoi bhranda "Iompar d'Éirinn" agus beidh sé ar fáil ar láithreán gréasáin "Iompar d'Éirinn".

**Ticéadú Comhcheangailte**

Tar éis bunú an Údarais, ghabh Príomhfheidhmeannach an Údarais le Bord Tionscadal Ticéadú Comhcheangailte, eagraíocht neamhreachtuil, <sup>16</sup> mar ullmhú ar aistriú na feidhme chuig an tÚdarás. Ach ní raibh freagracht reachtuil maidir le Ticéadú Comhcheangailte aistriithe go dtí an tÚdarás ón Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród (RPA)

go dtí 30 Meán Fómhair 2010<sup>17</sup>. Ag an am chéanna méadaíodh sainchúram an Údarais maidir le ticéadú chomhcheangailte go dtí an chuid eile den Stáit.

Ach chun leanúnachas a sholáthair le linn céimeanna rithábhachtacha agus cur i bhfeidhm an tionscadail, shann an tÚdarás freagracht teicniúil ó lá go lá faoi obair iomlán forbartha ar Thicéadú Comhcheangailte don RPA go dtí go gcuirfí tús le hoibríochtaí. Comh maith le sin, chinntigh an tÚdarás ar an mBord Tionscadail Ticéadú Comhcheangailte a choimeád go dtí tosú na n-oibríochtaí ar chúis leanúnachais.

Sa ráithe deireannach 2010, bhí an cúloifig, seachadtha ag IBM, tástáilithe go hiomlán agus ghlac an foireann tionscadail leis. Tá an córas seo bunaithe ar réiteach le ceannach i siopa ach rinneadh é a shaincheaptha don Údarás agus é in úsáid roimhe seo i Singeapór. Rinneadh é a fhorbairt thall ag an Land Transport Authority chun a scéim chárta chliste a bhainistiú. Bhí an scéim sin thar a bheith rathúil.

Le linn an treimhse seo d'fhorbair an tionscadal go himheánach fochóras ar a dtugtar an Fochóras Ilbhanc. Soláthraíonn an fochóras sin, maraon leis an Mórleabhar Ginearálta a sholáthraigh IBM, tacaíocht do phróisis airgeadais. Ina dhiaidh sin, tugadh na córais seo don oibrítheoir Ticéadú Comhcheangailte, Hewlett Packard, chun iad a thástáil.

Bhí riachtanas breise sainaitheanta agus b'é sin Cionroinnt Táirge Fochóras Rinneadh é sin a fhorbairt go himheánach chomh maith chun tacú le húsáid feabhsaithe na saoráidí Riomh-Sparán trí uasteorannú táillí agus lacáiste aistriithe Soláthraíonn na saoráidí seo uirlisí éifeachtacha don Údarás chun slite nuálacha íoc as taistil a thairiscint don chustaiméar iompair poiblí.

Roimh deireadh 2010 bhí Hewlett Packard tar éis dearadh an láithreán gréasáin a chríochnú agus leanadh ar aghaidh ansan lena fhorbairt.

Bhí leitheoirí cártaí coitianta le haghaidh Ticéadú Comhcheangailte, ar a dtugtar Modúil Chomhéadan Chártaí Chliste suiteáilte go rathúil i ngach bailiúchtóir Luas, agus ar fheithiclí Bhus Átha Cliath in iosta Chnoc an tSamhraidh Lean Payzone, soláthraí an líonra breisithe, ar aghaidh le hobair chun a dteirminéil bhreisithe a fhorbairt de réir an chláir.


Ag deireadh 2010 bhíodar tar éis na córais riachtanach chun tástáil idir-oibreora na scéime a chur ar bun.



16. Bhunaigh an tAire Iompair an tÚdarás ar bhonn riaracháin i 2006 ar feitheamh ar bhunú an Údarais

17. Ionstraim Reachtuil Uimh 468 de 832





## Seirbhísí a sholáthraítear thar cheann an Roinn Iompair.

### Bainistiú Tráchta

Ag deireadh 2010 d'íarr an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar an Údarás seirbhísí anailíseacha agus riaracháin a sholáthair ar a shon le haghaidh iocaíocht amach deontas le haghaidh bhainistiú tráchta agus bearta tosaíochta bus i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge. Thosaigh an tÚdarás ar an ról seo le hathbhreithniú laithreach ar na staidéir éagsúla iompair a bhí críochnaithe nó idir lámhe ag na cathracha réigiúnacha agus le naisc a chruthú leis na húdaráis áitiúla a bhain leis chun tosaíochta a chinntiú le haghaidh cistiúcháin.

### Bainistiú Éileamh Iompair

#### *Ionaid Oibre*

Oibríonn an tÚdarás clár Ionaid Oibre Taistil Nios Chliste thar ceann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Is í aidhm an chlár ná tacú le fostaitheoirí móra comaitéireacht inbhuanaithe agus roghanna taistil a spreagadh ina bhfoireann.

Tá deis ag comhpháirtithe an chlár oibriú le Pleanálai/Éascaitheoir Taistil i slí teagmhálach chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comaitéireachta, cabhlaigh nó gnó. Tá teacht acu chomh maith ar líonra eagraíochtaí a bhfuil taithí acu i dtaistil inbhuanaithe.

Is í an sprioc ná oibriú le 100 mórfhostaitheoirí in Éirinn roimh lár-2012, le 250,000 daoine. Tar éis dúinn foghlaim ón gcleachtadh sin déanfar prionsabail phleanáil taistil hionaid oibre a fhairsingiú go hionaid oibre eile trasna na tíre.

I Mí na Nollag 2009, bhí 46 ionad oibre comhpháirtithe páirteach sa chlár. Ag deireadh 2010, bhí 77 gcomhpháirtí agus níos mó ná 132,000 fostaí agus mac leinn páirteach go forleiththeadach. Áirítear leo siúd ospaidéil, mórfhostaitheoirí li-náisiúnta, údaráis áitiúla, ollscoileanna agus Institiúidí

Teicneolaíochta, agus comhlachtaí Stáit tráchtála.

Rith an tÚdarás réimse fairsing de gníomhaíochtaí mhúscailt fheasachta i 2010 do ghnóthais chomhpháirtithe lena n-áirítearseimineáir rothaíochta agus plean taistil agus dushláin rothaíochta agus siúlóide.


D'fhoilsigh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas tuarascáil faoi thionscadal phleanáil taistil phearsantaithe cheantar Bhaile Adaim a bhí maoinithe agus tacaíthe ag an Údarás. Tá an doiciméad seo dírithe ar aon duine gur mhian leo pleanáil taistil pearsantaithe .i. comhairle taistil fócasaithe do phobal, a chur chun cinn. Tá an doiciméad ar fáil ag [www.sdcc.ie](http://www.sdcc.ie) agus ar láithreán gréasáin an Údaráis.

### *Scoileanna*

Déantar maoirseacht ar théama taistil Chlár na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce le cistiúchán ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Is í aidhm na scéime taistil ná scoileanna a spreagadh chun modhanna inbhuanaithe taistil go dtí scoil agus ar ais a chur chun tosaigh. Spreagtar daltaí agus tuismitheoirí gabháil de chos nó ar rothar, ar iompar poiblí nó carr-roinnt a dhéanamh.

I mí Meán Fómhair chláraigh 190 scoil eile sa chlár, agus méadaíodh líon na ndaoine sa chlár go 650 scoil agus 152,000 dalta. Léiríonn na torthaí ó scoileanna a bhí páirteach sa chlár idir 2008 agus 2010 laghdú 27% in úsáid chairr, méadú 43% i siúlóid agus méadú 25% i rothaíocht.





## Cúrsaí Eagraíochta

### Soláthar Foirne

Cuimsíodh soláthar foirne an Údaráis le linn 2010 meascán foirne ón eanáil phoiblí chomh maith le feidhmeannaigh an Roinn Iompair a bhí sannta don Údarás ar bhonn eatramhach ar feitheamh ar ath-implonú foireann eanáil phoiblí bhreise go dtí an tÚdarás.

Go luath i 2010 d'fhaomhaigh an Roinn Airgeadais struchtúr bainistíochta sinsearaigh ag tuairiscigh don Príomhfheidhmeannach. Cuimsíonn an struchtúr faomhaithe Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Phoiblí, Stiúrthóir Pleanáil Iompair agus Bonneagar, Stiúrthóir Bearta Corparáidigh agus Seirbhísí, agus Stiúrthóir Airgeadais.

Bhí an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i mbun phróisis earcaíochta maidir leis na poist seo thar ceann an Údarais agus líonadh na poist ag céimeanna éagsúla le linn 2010 agus 2011

### An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe

i rith 2010 bhí an-chuid idirghníomhaíocht idir an tÚdarás agus an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe d'fhonn ullmhú le haghaidh asamhlú an Choimisiúin laistigh an Údarás mar a fhoráiltear san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009. Bunaíodh meitheal idir an dá eagraíochtaí d'fhonn chomhcheangail airgeadais, foirne, córais agus próisis Bhí an meitheal fócasaithe go príomha ar chostais dúblacha agus forluiteacha arbh fhéidir iad a laghdú nó a scriosadh a shainiú. Ba mhian leis an Údarás coigilteas a ghíaráil ó chéad lá an asamhlaithe agus chuige sin d'ullmháidh buiséid i gcóir 2011 don eagraíocht chomhdhlúite agus d'ioncorpraíodh an éifeachtúlacht pleanailte.

I mí na Nollag cheap an tAire iompair 1 Eanáir 2011 mar an dáta le haghaidh lánschor an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe.<sup>18</sup>

### Cóiríocht

I Mí na Nollag 2010 d'aistrigh an tÚdarás chuig áitreabh a bheadh in ann freastail d'fhoireann ón Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath lánscirthe, don fhoireann sannta ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus dóibh a bheadh le haistriú ón Gníomhaireacht um Fháil Iarnróid. D'aimsigh Oifig na nOibreacha Poiblí áitreabh cuí a bhí éasaithe cheana féin ag an Stáit a bheadh in ann freastail ar an líon duine agus a bhí laistigh d'achar gearr siúlóide ón gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe. Leanann léas an Choimisiúin ar feadh 15 bliana eile agus ní bheadh sé cuí de réir airgeadais an léas a fhoirceanna agus an foireann a bhogadh.

Lig bogadh foirne na Ranna chuig an Údarás don Roinn a chóiríocht féin a chuicéiriú agus laghdú a dhéanamh ar a riachtanais oifige.

### Ráiteas Straitéise

Rinne Ráiteas Straitéise eatramhach do 2010 agus 2011 a fhaomhadh ag an mBord i Mí Meán Fómhair.

Soláthraíonn an Ráiteas Straitéise, atá ar fáil ar láithreán Gréasáin an Údarais, bonn do phleanáil ghnó ag an Údarás i rith an dá bhliana tosaigh.



## Rialachas Corparáideach agus Freagracht

### Rialachas Corparáideach agus Rialú

Rinne an Bord na bearta chun timpeallacht rialúcháin chuí a chur i ngníomh san Údarás as:

- Glacadh le struchtúir agus nósanna imeachta atá soiléir agus de réir dea-chleachtais;
- Freagrachtaí bainistithe atá sainmhínithe go soiléir agus déanamh cinnte go bhfuil acmhainní cuí agus oiliúnt ar fáil, agus
- Nósanna imeachta foirmiúla a shocrú chun teipeanna suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus déanamh cinnte go nglacfaí le gnímh ceartaitheach laistigh de fráma ama réasúnta.

### Córas Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá an córas rialúcháin inmheánaigh airgeadais san Údarás bunaithe ar chreat fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta cuí riaracháin agus deighilt dualgais san áireamh, agus córas tarmilgín agus freagrachta. Áirítear go háirithe

- Córas buiséadaithe uileghabhálaigh le buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus comhaontaithe ag an mBord;
- Léirmheasanna rialta ag an mBord ar tuarascálacha tréimhsiúil, eatramhach agus bliantúil airgeadais agus bhainistíochta a chomharthaíonn feidhmiú airgeadais i gcoinne réamhaisnéis agus buiséad;
- Treoirlínte rialúcháin soláthair, státchiste agus infheistíochta caipitil atá sainmhínithe go soiléir; agus
- Nósanna imeachta bhainistíú tionscadail foirmiúla.

### Coiste Iniúcháireachta

I 2010 chuimsigh Coiste Iniúcháireachta an Údaráis John Tierney Uasal (Cathaoirleach), Linda Saunders Uasal agus Damien Usher Uasal.

Tá an Coiste freagrach don Bhord i ngach ghné de thuairisciú airgeadais agus de bhearta cuntasaióchta agus déantar athbhreithniú ar éifeachtúileacht córas rialúcháin inmheánach airgeadais an Údaráis. Thainig an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre uair i 2010.

### Monatóireacht ar an gCóras Rialú Inmheánach Airgeadais

Déanann an Bord agus an Coiste Iniúcháireachta monatóireacht ar éifeachtúileacht an chórais ar rialú inmheánach airgeadais ar fud na bliana. Déantar sin trí ullmhú agus athbhreithniú ar: cuntais bhainistíochta rialta agus tuarascálacha tionscadail, tuarascálacha iniúcháireachta ón fheidhmeannas iniúcháireachta inmheánach, agus tuarascálacha ó na hiniúcháirí eachtracha.

Tá feidhmeannas iniúcháireachta inmheánach ag an Údarás a oibríonn de réir an chreata atá leagtha amach sa Chód Cleachtais le haghaidh Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Ullmhaíonn na hiniúcháirí laistigh, soláthraithe ag na comhairleoirí airgeadais eachtracha RSM Farrell Grant Sparks, plean oibre gach bhliain. Cuireann an plean seo anailís na rioscaí a bhfuil an tÚdarás neamhchosanta dóibh san áireamh agus faomhaítear é ag an gCoiste Iniúcháireachta.

### Bainistíú Riosca

Tá córas uileghabhálach bhainistíú riosca ar fáil do luacháil, do réamhmeas agus do bhainistíú na rioscaí a d'fhéadfadh nochtaigh an tÚdarás do chailteanas. Tacaíonn an córas bhainistíú éifeachtach riosca ag an Údarás i gcaitheamh gach ghníomhaíocht ghnó Baineann an Córas le sainaithint, le bainistíú agus, chomh fada agus is féidir, le maolú rioscaí suntasacha.





Oibríonn an córas bhainistíochta riosca ar leibhéal tionscadail agus ar leibhéal feidhmiúcháin. Is iad seo a leanas gnéithe bunriachtanacha an chórais seo:

- Sainaithniú nádúr, méad agus impleachtaí airgeadais na rioscaí ós comhair an Údaráis;
- Léirmheas ar dealraitheacht titim amach na rioscaí sainaithenta;
- Sainaithint modhanna cuí bhainistiú riosca agus maolú;
- Leithdháileadh freagracht faoi bhainistiú agus faoi mhaolú rioscaí sainaithenta;
- Monatóireacht ar dul chun cinn agus comhlíonadh le gníomhaíochtaí maolaithe;
- Athbhreithniú ar éifeachtúlacht oibriúcháin na gcóras bainistíochta riosca; agus
- Tuairiscí rialta don Bhorad faoi saincheistanna ábhartha a éiríonn.

#### Iníúcháirí

Tá cuntais bhliantula an Údaráis faoi réir iníúcháireachta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

#### Comhlíontacht dlí agus rialála

Comhlíonann an tÚdarás Cód Cleachtais i leith Rialachas Chomhlachtaí Stáit (2009) agus cóid chleachtais agus treoirínte eile foilsithe ag an Rialtas i gcóir chomhlachtaí Stáit. Tá nósanna imeachta ar fáil don Údarás ag iarraidh é a áirithiú go bhfuil an tÚdarás comhlíontach lena dhualgais dlí agus lena dhualgais rialála go léir.

#### Cruinnithe Boird

Tháinig an tÚdarás le chéile 12 uair idir 1 Nollaig 2009 agus 31 Nollaig 2010. Sonraítear tinreamh na gcomhaltaí ag cruinnithe an Bhoird in Aguisín 4.

Foilsítear miontuairiscí cruinnithe an Bhoird ar láithreán gréasáin an Údaráis.

#### Táillí agus Costais Chomhalta Boird

D'íocadh táillí agus costais do chomhaltaí an Bhoird de réir treoracha an Roinn Airgeadais agus tuairiscítear fúthu sna Cuntais Bhliantúla.

#### Idirghníomhaíocht le Coistí an Oireachtais

Le linn 2010 rinne an tÚdarás freastail ar dhá chruinniú (i Mí na Feabhra agus i Mí Samhna) Chomhchoiste an Oireachtais faoi lompár d'fhonn ceisteanna a fhreagairt maidir le feidhmíocht an Údaráis i leith a fheidhmeanna reachtúla.

D'fhreastail an tÚdarás comh maith ar Chomhchoiste an Oireachtais faoi Ealaíon, Spórt, Turasóireacht, Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus rinneadh cur i láthair faoi chláir bhainistiú taistil.

Tá tras-scríbhinn na gcruinnithe ar fáil ar láithreán gréasáin Tithe an Oireachtais, [www.oireachtas.ie](http://www.oireachtas.ie).







## AGUISÍN 1

### Príomhaighneachtaí Pleanála 2009 /2010<sup>19</sup>

#### Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

- Dréacht de Threoirlínte Pleanála Réigiúnaigh le haghaidh Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010-2022;
- Dréacht de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2011-2017;
- Leasuithe a Moladh ar Dhréacht de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2011-2017;
- Leasuithe a Moladh ar Dhréacht de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2011-2017;>
- Dréacht de Phlean Forbartha Chontae Fhine Ghall 2011-2017;
- Leasuithe a Moladh ar Dhréacht de Phlean Forbartha Bhaile Átha Cliath Theas 2010-2016;
- Leasuithe a Moladh ar Dhréacht de Phlean Forbartha Chontae Chill Mhantáin ;
- Dréacht de Phlean Forbartha Bhaile Bhré 2011-2017;

- Dréacht de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2011-2017;
- Dréacht de Phlean Forbartha Bhaile an Náis 2011-2017;
- Athbheithniú ar Threoirlínte Phleanáil Mhiondíola.

#### An chuid eile den Stáit

- Dréacht de Threoirlínte Pleanála Réigiúnaí le haghaidh an Mhéan-Iarthair 2010-2022;
- Dréacht de Threoirlínte Pleanála Réigiúnaí le haghaidh an Iarthair 2010-2022;
- Dréacht de Threoirlínte Pleanála Réigiúnaí le haghaidh Réigiún na Teorann 2010-2022;
- Dréacht de Threoirlínte Pleanála Réigiúnaí le haghaidh Réigiún an Iardheiscirt 2010-2022;
- Dréacht de Threoirlínte Pleanála Réigiúnaí le haghaidh Réigiún an Oirdheiscirt 2010-2022;
- Dréacht de Threoirlínte Pleanála Réigiúnaí le haghaidh Réigiún Lár na Tíre;
- Dréacht de Threoirlínte Phleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta.

## AGUISÍN 2

### Foilseacháin 2009/2010

1. Social Impact Estimation Methodology, May 2010;
2. Guidelines for the Management of Public Transport Investment Projects delivered by Conventional Procurement, July 2010;
3. Cost Management Guidelines for Public Transport Investment Projects, September 2010;
4. Guidelines for the Management of Public Transport Investment Projects delivered through Public Private Partnerships, September 2010;
5. Statement of Strategy 2010 -2011, September 2010;
6. Freedom of Information Act Sections 15 & 16 Reference Book, October 2010;
7. Guidelines for the Licensing of Public Bus Passenger Services, November 2010;
8. Smarter Travel Workplaces Step by Step Guide to Workplace Travel Plans;
9. Quality Bus Corridor Monitoring Report for 2009.

## AGUISÍN 3

### Tionscadail le tacaíocht ó Chlár Dheontas Bhainistíocht Tráchtá i 2010

*Cuid 1: Scéimeanna a chuireadh chun cinn ag Oifig Tionscadail Ghréasán na Mórlánaí Bus*

#### Scéimeanna Críochnaithe i 2010

Feabhsú QBC Leamhcáin Séipéal Iosóid; Céim 1 (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)

Tógáil droichid choise ag Droichead Anna Livia. Baineadh úsáid as starmhaide chun na droichid choise a cheangal le struchtúr an droichid atá ann cheana féin agus chuir siad feabhas mór ar shábháilteacht agus ar chompord na gcoisithe. Rinneadh athrú ar leagan amach an raoin bhóthair ar an droichead chun brú tráchtá na mbusanna a laghdú agus chun teacht ar stad a fheabhsú. Cuirfear raoin bhreise lána bus ar na bóithre tárrachtana chuig an droichead le linn 2011.

QBC Bóthar Bhinn Éadair: Cnoc Sibéal / Acomhal Ascaill Choill an tSrutháin (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)

Bhí leathnú an acomhail áirithe sna hoibreacha chun lánaí bus a sholáthair den chéad tosaíocht (is é sin le rá, lánaí bus a théann díreach comh fada leis an stad-líne agus a leanann ar aghaidh tríd an acomhal), agus bhí an acomhal uasgrádaithe comh maith le saoráidí nua i gcóir trasrianta coisithe.

QBC Bóthar an Náis; M50 go dtí Bóthar an Mhíle Fhada (Bóthar an Náis Céim IV) (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas)

Bhí an scéim críochnaithe i mBealtaine. Soláthraítear raonta nua lána bus agus saoráidí rothair easbhóthair chun bheith i gcomhréir le raonta a bhí críochnaithe cheana.

QBC Caisleán Cnucha; Ceann Aistir R37 (Comhairle Contae Fhine Ghall)

Tá ceann aistir le haghaidh Bhealach Bus 37 athshuite ionas gur féidir le busanna atá gan ghluaiseacht ag an gceann aistir páirceáil gan bheith ina bhac bóthar don trácht atá ag gabháil thart.

Feabhsú ar QBC Baile Bhlainséir: Bealach Bhaile an Bhlácaigh (Comhairle Contae Fhine Ghall)

Soláthraíodh lána bus nua feadh Bealach Bhaile an Bhlácaigh ag dul i dtreo Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir. Soláthraíodh trasrianta coisithe nua agus tógadh lánaí rothair easbhóthair.

Caolas Bóthair Bhóthar Bhaile Scallart (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas)

Rinneadh roinnt mionathraithe ar acomhal a bhí ann cheana agus rinneadh uasghrádú ar na soilse tráchtá d'fhonn plódú áitiúil a laghdú.

N3 Isteach (Comhairle Contae Fhine Ghall)

Críochnaíodh an scéim seo le linn Ráithe 2 2010, soláthraíodh lána bus isteach, feadh raon an N3 trí crua-ghrua a thiontú go lána bus. Bhí roinnt bunathraithe riachtanach ar bhealaigh amach is isteach, maraon le roinnt mionathraithe ar fhóntais.

Baile an Teampaill go QBC Cuarlána na Carraige Duibhe; Bóthar Bhaile an Teampaill Uachtair (Comhairle Chontae Dún Laoghaire Ráth an Dúin)

Curtha san áireamh leis an scéim seo ar Bhóthar Bhaile an Teampaill Uachtair bhí lána bus, lánaí rothaíochta uasghrádaithe agus uasghrádú acomhal rialáil soilis tráchtá.

#### Scéimeann á Thógáil

##### ag Mí na Nollag 2010

QBC Ascaill na Cille (Comhairle Contae Dún Laoghaire Ráth an Dúin)

Lána bus nua á thógáil ar an mbealach isteach ar acomhal Ascaill Bhaile an Róistigh / Lána na Cille

Feabhsú ar QBC Bhaile Bhlainséir; Uasghrádú Stad Bus N3 (Comhairle Contae Fhine Ghall)

Soláthar stadanna bus nua ar ar-rampa agus ar as-rampa an N3 ag Acomhal Bhóthar Bhaile Bhlainséir leis an N3.

Feabhsú ar QBC Bhaile Bhlainséir - QBC Bhealach Bhaile an Huntaigh (Comhairle Contae Fhine Ghall)

Lána bus nua isteach á sholáthair ar an mbealach go dtí Bealach Bhaile an Bhlácaigh. Tá soláthar

saoráidí rothaíochta agus coisithe curtha san áireamh sa scéim chomh maith.

QBC Caisleán Cnucha (Comhairle Contae Fhine Ghall)

Tá lánaí bus nua á sholáthair ar na bealaigh iseach go acomhail feadh an bhealaigh. Cuimsíonn an scéim soláthar saoráidí rothaíochta agus coisithe agus uasghrádú acomhal go rialúchán SCATS. Oibríochtaí tógála le críochnú go substaintiúil roimh Aibreán 2011.

QBC Bhóthar an Chlaifoirt (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas)

Soláthar lánaí bus nua ag nascadh Bóthar Belgard le Bóthar Bhaile an Chocaigh.

Teach na Giúise - QBC Bhaile Uí Chuilinn

Cuimsíonn an scéim seo soláthar lánaí bus i dhá threo, ag ailtéarnú d'fhonn tosaíocht a chinntiú ar na bealaigh isteach go dtí acomhail. Soláthraíonn an scéim seo saoráidí rothaíochta agus coisithe idir nua agus uasghrádaithe, uasghrádaithe stadanna bus agus acomhail.

Stad Bus Bhóthar Chnoc Mór na nGaibhlte (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)

Tógáil ar siúl d'fhonn limistéar feithimh nua a sholáthar do phaisinéirí.

#### Scéimeanna ag Comhairliúcháin Poiblí i rith 2010

Feabhsú QBC Ráth Fearnáin (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath & Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas)

I ndiaidh tréimhse comhairliúcháin poiblí i gCathair Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas iarrfar ar formheas go luath i 2011. Molann an scéim feabhsú ar QBC atá ann cheana féin d'fhonn aga aistir, iontaofacht agus saoráidí phaisinéirí a fheabhsú.

QBC Bhóthar na hUaimhe (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)

Scéim chun lánaí bus nua amach a sholáthair feadh Bóthar na hUaimhe ó Crosaire na Cabraí go

Timpeallán Bhaile an Ásaigh. Bhí comhairliúcháin poiblí críochnaithe i 2010. Formheas Cuid 8 le hiarradh i ndiaidh tuairisc do Comhairle ia 2011.

An Bealach Glas, Stráice Bhóthar an tSeanbhábhuin (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas)

Soláthar lánaí bus ar Bhóthar an tSeanbhábhuin. Céim comhairliúcháin poiblí na scéime críochnaithe.

R132, QBC Tuaisceart Sord (Comhairle Contae Fhine Ghall)

Formheas Cuid 8 daingthe le haghaidh na scéime seo, lena n-áirítear soláthar lánaí bus nua isteach is amach ar sheachbhóthar Shoid.

Plás Blackhall (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)

Scéim bheag chun a bheag nó a mhór de 4 spás páirceála sráide cead d'áititheoirí / íoch agus taispeáin a bhaint agus lána bus a mhéadú. Bhí cinneadh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath déanta chun dul ar aghaidh leis an scéim déanta ag cruinniú Cheantar an Láir ar 9 Mí na Samhna 2010 i ndiaidh comhairliúcháin poiblí.

QBC Bhóthar Chill Mochuda Íochtarach (Comhairle Contae Dún Laoghaire Ráth an Dúin)

Lána bus nua ag nascadh QBC N11 le QBC Bhóthar Chill Mochuda Uachtarach, maraon le hoibríochtaí uasghrádaithe rothaíochta agus coisithe a bhfuil baint acu leis. Tá an scéim seo tar éis bheith faomhaithe ag Comhairle Contae Dún Laoghaire Ráth an Dúin. .



*Tionscadail Eile curtha ar aghaidh ag Údarás Áitiúla i Mhórcheantar Bhalie Átha Cliath.*

Údarás Áitiúil	Teideal an Tionscadail	Scéal
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	<i>Córas Treoraithe Páirceála</i>	Tacaíocht le comharthaíocht leictreonach teachtaireachtaí dinimiciúla.
	<i>Páirceáil Rothair na Scoile</i>	Tacaíocht le soláthar pháirceáil rothair fócasaithe ar an scoil.
	<i>Sráid Chéipil</i>	Scéim bhainistiú tráchta, lena n-áirítear rialuithe páirceála agus leathnú cosáin.
	<i>Staidéar Rothaíochta</i>	Staidéar ar nascanna rothaíochta ionchasacha ón Chanáil Ríoga go Droichead Newcomen
	<i>Áiritheoirí Rothair agus Coisithe</i>	Suiteáil áiritheoirí rothair agus coisithe ag 10 suíomh.
	<i>Marcáil Bóthair</i>	Athnuachan stad bus caite agus marcáil lána bus.
	<i>Slí rothar Pháirc Ghleann na Tulchainn Maolghluaiste agus Míchimasach</i>	Tógail céim 1 slí rothair nua Soláthar bearta d'fhonn tacú le daoine maolghluaiste ag crosairí bóthair
Comhairle Contae na Mí	<i>Uasghrádú stad bus</i>	Uasghrádú 8 stad bus ar bhealach bus 109 d'fhonn inrochtaineacht do phaisinéirí a fheabhsú agus araile
Comhairle Contae Fhine Ghall	<i>Bóthar Theampail Mhaighréide / rochtain ar IKEA</i>	Deonachán do bhonneagar bus, rothaíochta agus cosáin i gcomhcheangal le ath-ailíniú bóthair agus uasghrádú is gá dá chionn IKEA.
	<i>Baile Bhlainséir</i>	Athnuachan marcáil lánaí bus ar An Priomhshráid

Údarás Áitiúil	Teideal an Tionscadail	Scéal
Comhairle Contae Fhine Ghall	<i>Trasnán Coisithe</i>	Soláthar trasnán coisithe ar an N3 (Óstán Travelodge) d'fhonn sábháilteacht coisithe a fheabhsú.
	<i>Baile Uí Chuilinn / An Ceapach</i>	Deonachán do bhonneagar bus, rothaíochta agus cosáin i gcomhcheangal le huasghrádú bóthair.
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	<i>Bóthar Chlairoirt</i>	Deonachán do bhonneagar bus, rothaíochta agus cosáin i gcomhcheangal le huasghrádú bóthair.
	<i>Acomhal Tamhlachta</i>	Uasghrádú stad bus ag an gCearnóg.
	<i>Baile Scallart</i>	Scéim éifeachtúlacht acomhail.
	<i>Trasnáin Choisithe</i>	Feabhsú ar chrosairí, ar chosáin, ar acomhail i limistéar Bhaile Átha Cliath Theas.
Comhairle Contae Dún Laoghaire Ráth an Dúin	<i>Mórlána Bus na Carraige Duibhe Mórlána</i>	Saoráid rothaíochta agus coisithe ag crosaire comhréidh Bhóthar Mhuirfean.
	<i>Timpeallán Sráid an tSrutháin</i>	Athchumrú timpeallán mór d'fhonn é bheith ar leasa rothair agus coisithe.
	<i>Acomhal Sráid an tSrutháin / Gráinseach an Déin</i>	Athchumrú acomhail d'fhonn bóithre áitiúla a nascadh le Cuarbhóthar Bhaile na Manach - mórsholáthar do choisithe agus rothair curtha san áireamh.
	<i>Bóthar Áth an Ghainimh</i>	Críochnú thosaíocht bus agus rothair feadh Bóthar Áth an Ghainimh idir Ionad Siopadóireachta Dún Droma agus IMI.
Comhairle Contae Dún Laoghaire Ráth an Dúin	<i>Raonta Rothaíochta</i>	Críochnú uasghrádú raon rothair ar Chill Mochuda Uachtarach.
	<i>Bóthar Chluain Sceach</i>	Scéim uasghrádú éifeachtúlacht acomhail.

Údarás Áitiúil	Teideal an Tionscadail	Scéal
Comhairle Contae Dún Laoghaire Ráth an Dúin (ar lean)	<i>Saoráid Rothaíochta N11</i>	Roinnt oibriúcháin leasúcháin d'fhonn feabhas a chur ar thaithí rothaíochta ag trasnú idir raonta ar-bhóthar agus easbhóthar na saoráide rothair.
	<i>Comhéadan phaisinéirí rothair/ bus N11</i>	Uasghrádú stadanna bus ar N11 d'fhonn bheith in oiriúint le caighdeáin nua faoi chomhéadan bus / rothar.
	<i>Áiritheoirí rothair</i>	Soláthar áiritheoirí rothair
	<i>An Charraig Dhubh / Plás na bhFolcadán</i>	Tiontú 2 aomhal go oibríocht Rialú Thrácht Uirbeach SCATS.
	<i>Briúal Thoir</i>	Soláthar aicearraí rothaíochta trí Bhriúal Thoir
Comhairle Contae Chill Dara	<i>Tosaíocht do bhusanna</i>	Scéim tosaíochta do bhusanna rialaithe ag solas tráchta sa Nás
	<i>Beartanna rialú luas gar do scoileanna</i>	Fógraíocht luasteorann curtha ar siúl ag feithiclí agus comharthai rabhaidh ar bhealaigh ag teacht ar scoileanna sa chontae. Dearadh agus mionobreacha
Comhairle Contae Chill Mhantáin	<i>R148 Scéim Bhóthar Chill Choca</i>	Limistéar nua do stadanna bus, do thuirling as tacsai, do raon coisithe, do pháirceáil rothar
	<i>Stáisiún DART na Clocha Liatha An Bhearna Dhearg</i>	Solathar fógraíocht treoch chuig saoráid Páirceáil agus Taisteal
	<i>Feabhsú R750</i>	Uasghrádú stad bus sa Bhearna Dhearg
	<i>Scoil Labhráis Naofa</i>	Feabhsú ar thimpeallacht coisithe agus rothar i mBaile Chill Mhantáin
	<i>Ráth Naoi</i>	Scéim cheansú tráchta (Céim 1) ar rochtain scoile
		Uasghrádú stadanna bus i Ráth Naoi.

Údarás Áitiúil	Teideal an Tionscadail	Scéal
Comhairle Contae Chill Mhantáin	<i>Gleann Abhóca, Domhnach Mór, Cill Bhríde, Cnoc an Phóna agus Baile Coimín</i>	Uasghrádú cosáin chun siúlóid a spreagadh.
	<i>Ráth Druma</i>	Staidéar cheansú tráchta.
	<i>Cill Charraige</i>	Staidéar fhéideartheacht rothaíochta
	<i>Baile an Chinnéidigh</i>	Staidéar cheansú tráchta.
	<i>Deilgne</i>	Deartha cheansú rothaíochta agus tráchta do shráidbhaile Deilgne.
	<i>Scoil Náisiúnta an Leacain</i>	Uasghrádú cosáin chun siúlóid a spreagadh.





## AGUISÍN 4

### Eolas Boird 2009/2010

Comhalta Boird	Post	Dáta Cheapacháin	Cruinnithe Cáilithe ar Fhreastal	Cruinnithe Tinreamh
John Fitzgerald Uasal	Cathaoirleach	01.12.2009	12	12
Gerry Murphy Uasal (Príomhfheidhmeannach)	Gnáthchomhalta ( <i>ex-officio</i> )	01.12.2009	12	12
Frank King Uasal	Gnáthchomhalta	01.12.2009	12	12
An Dr. Berna Grist	Gnáthchomhalta	01.12.2009	12	11
Linda Saunders Uasal	Gnáthchomhalta	01.12.2009	12	11
Damian Usher Uasal	Gnáthchomhalta	01.12.2009	12	10
John Tierney Uasal (Bainisteoir Cathrach Bhaile Atha Cliath)	Gnáthchomhalta ( <i>ex-officio</i> )	01.12.2009	12	9
Valerie O'Reilly Uasal	Gnáthchomhalta	15.03.2010	9	8
Margaret O'Shaughnessy Uasal	Gnáthchomhalta	31.03.2010	8	5
James Deegan Uasal	Gnáthchomhalta	04.06.2010	6	5
Hugh Creegan Uasal (Stiúrthóir Iompair Pleanáil agus Infheistíochta)	Gnáthchomhalta ( <i>ex-officio</i> )	29.11.2010	1	1

### Nótaí

- Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann daoine don Bhord;
- Cuimsíonn an Bord Cathaoirleach agus 11 gnáthchomhalta (lena n-áirítear 3 *ex-officio*);
- Bhí áit amháin ar an mBord gan ceapadh at deireadh 2010.

### Nótaí



**Nótaí**





An tÚdarás Náisiúnta Iompair  
Dún Scéine  
Harcourt Lane  
Dublin 2

Guthán: +353 1 879 8300  
Facs: +353 1 879 8333  
[www.nationaltransport.ie](http://www.nationaltransport.ie)

